# Droichead - Forléargas - Bunscoil

Tacaíonn Droichead le MNCanna tráth a chuireann siad tús lena ngairmeacha múinteoireachta, agus tacaíonn leis an aistriú ó mhúinteoir faoi oiliúint go múinteoir a mhúineann scoláirí. Cuimsítear ionduchtú scoilbhunaithe (Snáithe A) agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B)

## Róil agus Freagrachtaí

### Ról an Phríomhoide

**Cultúr foghlama inár féidir le Droichead bláthú a chothú**

**Mar cheannaire na scoile, tá ról ríthábhachtach ag an bpríomhoide maidir le béim a leagan gach bliain ar luach an ionduchtúcháin d'fhoireann uile na scoile, chomh maith leis an FTG agus an MNC**

### Ról an Mhúinteora Nuacháilithe (MNC)

- **Iarratas a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta chun tús a chur le Droichead**
- **An Seimineár Gréasáin Ar Líne a chomhlánú**
- **Páirt a ghlacadh sna gnéithe de Droichead atá leagtha amach i Snáithe A agus i Snáithe B**
- **Machnamh a dhéanamh, ag baint úsáide as Taisce, ar a bhfoghlaim ghairmiúil**
- **Comhoibriú leis an FTG**
- **Foirm D a chomhlánú agus an comhdhearbhú a shíniú**

### Ról na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG)

**Meantóireacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt don MNC agus iad ag tabhairt faoi Droichead**

**Is í an FTG a thacaíonn leis an MNC trí chomhoibriú, trí bhreathnóireachtaí a éascú, trí chomhráite gairmiúla agus athmhachnamh laistigh de thimpeallacht thacúil, neamh-mheastóireachta**

## SNÁITHE A: Ionduchtú Scoilbhunaithe

**Is cuid lárnach d'aistear an MNC a bheith ag idirghníomhú le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu trí...**

pháirt a ghlacadh i **gComhráite Gairmiúla** a bhíonn ar siúl, maidir lena bhfoghlaim agus lena gcleachtas

dheiseanna struchtúrtha chun foghlaim ó chomhghairmithe trí **bhreathnóireachtaí**

bheith **á bhreathnú** ag an FTG a thabharfaidh comhairle, cúnamh, agus tacaíocht maidir le réimse áirithe riachtanais

ghné dá **Taisce** a roinnt leis an FTG i gcomhrá gairmiúil atá bunaithe ar phíosa taighde atá ann cheana

## Riachtanas 60 Lá

**Ní mór do gach múinteoir bunscoile íostréimhse de 60 lá scoile i ndiaidh a chéile i suíomh incháilithe a chur i gcrích. Bíodh gach gné de Droichead curtha i gcrích le linn na tréimhse sin**

## SNÁITHE B: Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise

**Tar éis dóibh ríomhphost deimhnithe a fháil ón gComhairle Mhúinteoireachta, ní foláir do gach MNC...**

**Seimineár Gréasáin Ar Líne** a chuirtear ar fáil ag Oide a chur i gcrích, ina gcuirtear síos ar chéimeanna Droichead

**Cnuaschruinniú Ginearálta** ina ndírítear ar shaincheisteanna leathana maidir le cleachtas gairmiúil a chur i gcrích

**Cnuaschruinniú Dírithe** ina bpléitear ábhar atá sainiúil do riachtanais an MNC a chur i gcrích

**Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla amháin** eile a chur i gcrích. Déantar an méid seo chun riachtanas foghlama a aithníonn siad iad féin, i gcomhairle lena FTG, a neartú

## Deireadh an Phróisis

**Tá an méid seo a leanas le déanamh ag an MNC agus an FTG:**

- comhrá gairmiúil a bheith acu ina n-aithnítear réimsí eile le haghaidh tuilleadh foghlama gairmiúla
- Foirm D a chomhlánú agus an comhdhearbhú a shíniú
- Foirm D a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta

## Tacaíochtaí Breise

**Droichead, an Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil Athbhreithnithe (2025)**

SCAN MÉ

**Rochtain acmhainní**
Oide.ie/Droichead

SCAN MÉ

**Cláraigh le haghaidh Gnéithe de Shnáithe B**
oide-droichead.com

SCAN MÉ